

Ceol

Moltaí ar úsáid am gairmiúil

Am gairmiúil do mhúinteoirí – am gan teagmháil le scoláirí ina mbeidh múinteoirí páirteach i réimse gníomhaíochtaí gairmiúla agus comhoibríocha chun tacú le cur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí. Is féidir go gcabhródh an t-am seo le múinteoirí a bheith ag tabhairt faoi gníomhaíochtaí sna réimsí seo a leanas:

- Gníomhaíochtaí gairmiúla don scoil uile chun cabhrú leis an tSraith Shóisearach
- Gníomhaíochtaí gairmiúla do mhúinteoirí aonair agus do ranna ábhair, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le measúnú foirmitheach, aiseolas, tuairisciú agus ionchuir a bhíonn á dtiomsú don PGSS.
- Freastal ar chruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
- Ullmhúchán le haghaidh na gcruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, agus maoirseacht a dhéanamh ar na torthaí

Tá liosta moltaí leis an doiciméad seo ar bhealaí arbh fhéidir le múinteoirí ceoil an 22 uair d’am gairmiúil a leithdháileadh dóibh ó 2017 / 2018 ar aghaidh. Cuimsíonn na moltaí sin deiseanna do ghníomhaíochtaí gairmiúla do mhúinteoir aonair agus / nó do roinn ábhair agus ní liosta iomlán é.

Is faoi gach scoil, roinn ábhair agus múinteoir iad féin an 22 uair d’am gairmiúil a oibríonn dóibh a shocrú le bainistíocht na scoile.

Gníomhaíochtaí gairmiúla don scoil uile le cabhrú leis an tSraith Shóisearach

- Ceistiúchán na Scoile Uile ar an gCreat don tSraith Shóisearach
- Díospóireachtaí agus cruinnithe i measc na scoile uile ar impleachtaí an Chreata ar theagasc, foghlaim agus cleachtas measúnaithe.

Moltaí ar bhealaí chun úsáid a bhaint as am gairmiúil ar bhonn aonair, i gcomhar le chéile agus ag leibhéal na roinne ceoil



Ar bhonn aonair

Gabhaigí i ngleic leis an tsonraíocht ábhar do Cheol na Sraithe Sóisearaí trí dhul i dtaití ar na trí snáitheanna, na trí eilimintí agus an 36 toradh foghlama is féidir a aimsiú sa tsonraíocht cheoil ar www.curriculumonline.ie

Fiosraigí na torthaí foghlama agus déanaigí naisc san fhoghlaim ar fud na dtrí shnáithe

Smaoinígí conas a dhéanfadh sibh an fhoghlaim sin sofheicthe nuair a bhíonn sibh ag dearadh bhur bpleananna don chéad bhliain i gcomhair Mheán Fómhair 2018.

Tosaígí a bhailiú nó a chruthú acmhainní a chabhróidh le foghlaim scoláirí i gCeol na Sraithe Sóisearaí

I gcomhar le chéile

Déanaigí na Torthaí Foghlama a spíonadh amach agus smaoinígí conas ab fhéidir leat fianaise den fhoghlaim sin a bhailiú agus a ghabháil

Breathnaigí arís ar na laethanta FGL agus ar na hábhair acmhainní ar www.jct.ie

Déanaigí teagmháil le múinteoirí ceoil eile in bhur cheantar

Leibhéal na roinne ceoil

Socraigí na gnáis ina leagann sibh amach conas atá sibh ag brath oibriú le chéile

Cruthaigí fíis do bhur roinn ceoil

Oibrígí le chéile a chinneadh cén ghrúpáil a dhéanfaidh sibh de na Torthaí Foghlama do lucht na chéad bhliana

Socraigí le chéile conas a bhaileoidh sibh fianaise ar an bhfoghlaim seo

Roinnigí acmhainní

Déan machnamh ar cé chomh héifeachtach agus a bhí an fhoghlaim sa rang agus roinn na torthaí le do chuid comhghleacaithe

**Am gairmiúil
2017**

